



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.11.2013
COM(2013) 812 final

2013/0398 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an
margadh inmheánach agus i dtríú tíortha**

{SWD(2013) 469 final}
{SWD(2013) 470 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is mór an cúnamh don Aontas Eorpach táirgeadh agus tráchtáil na dtáirgí talmhaíochta agus táirgí próiseála bia. Is leis an Aontas 18 % de na honnmhairí agus 20 % de na hallmhairí agus is féidir a rá gurb é an t-onnmhaireoir agus an t-allmhaireoir táirgí talmhaíochta is mó ar domhan é, é féin agus na Stáit Aontaithe. I dtaca leis an tionscal monaraíochta san Eoraip de, tá an chéad áit ag an bpróiseáil bia: tá 13.5 % de na poist san earnáil sin agus tagann 12.9 den láimhdeachas aisti. Tá 310 000 fiontar sa tionscal seo agus is fiontair bheaga agus mheánmhéide 99.1 % acu¹. Le himeacht na mblianta, tá an biashlabhra Eorpach á dhíriú ar an gcáilíocht agus ar an faoi mbreisluach, ar bhreisluach táirgí próiseáilte, táirgí a bhfuil an dúil iontu ag síormhéadú san Eoraip, ach ar fud an domhain freisin. Is ionann luach na dtáirgí sin agus níos mó ná dhá thrían de luach onnmhairí talmhaíochta an AE agus is féidir iad a fhorbairt go mór fós.

Tá sé rithabhachtach go gcaomhnóidh agus go méadóidh an talmhaíocht Eorpach agus an tionscal próiseála bia, atá ag brath go mór uirthi, a n-acmhainn iomaíochta agus a sciaranna den mhargadh, sa mhargadh inmheánach agus san onnmhairiú agus gealltanais an AE maidir lena chaidreamh tráchtála idirnáisiúnta á gcomhlíonadh san am céanna. Os a choinne sin, tá an talmhaíocht Eorpach i ngleic faoi láthair le timpeallacht atá i bhfad níos iomaíche ná mar a bhí, mar gheall ar dhomhandú na margaí go háirithe. Ba cheart go leanfaí den chlaonadh sin sna blianta romhainn agus is féidir go dtabharfar chun críche babhta Doha agus comhaontuithe déthaobhacha agus réigiúnacha atá faoi chaibidil faoi láthair. Cé go mbíonn eagla rompu, is féidir go dtabharfaidh na comhaontuithe sin deiseanna móra don earnáil seo freisin.

Dá ainneoin sin, ar an margadh inmheánach, níl ach mionlach beag tomhaltóirí Eorpacha ar an eolas faoi na hiarrachtaí atá déanta ag na feirmeoirí táirgeadh atá ar ardcháilíocht, atá sláintiúil agus nach bhfuil contúirt leis a sholáthar. Ní aithníonn ach 14 % de na hEorpaigh lógónna na dtáirgí a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) nó tasc geografach faoi chosaint (TGC) acu, agus is iad sin na príomhchórais cháilíochta Eorpacha atá curtha ar bun ag an Aontas I gcás an onnmhairiú mar an gcéanna, is mór an dúshlán don earnáil sin infheistiú a dhéanamh sa mhargaíocht agus sa trádáil ar mhargaí i gcéin, ós rud é gur fiontair bheaga agus mheánmhéide nó micrifhiontair féin formhór na bhfiontar atá inti.

Is cinnte gur dúshlán an cás seo d'fheirmeoirí Eorpacha, ach tá deiseanna ann freisin ar cheart freastal orthu go héifeachtach, trí ionstraimí an Chomhbheartais Talmhaíochta go háirithe. Mar beidh an talmhaíocht ag brath ar a ábalta atá sí a sciaranna den mhargadh a mhéadú agus ligean d'earnáil tionscal an bhia, earnáil an-iomaíoch, áit thábhachtach a choinneáil i ngeilleagar agus i dtráchtáil an AE.

Mar gheall ar an gcúlra sin, is gá beartas cur chun cinn a bheidh nua-aimseartha agus ardaidhmeannach agus a mbeidh an taithí a fuarthas ó na cláir chur chun cinn a bhí ann go dtí seo curtha san áireamh ann agus a bheidh ina chéim bhreise i nuachóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta. Is é an cuspóir atá ann tacú leis an earnáil talmhaíochta, go háirithe na fiontair

¹ Foinse: Tuarascáil bhliantúil 2010 ón CIAA.

bheaga agus mheánmhéide atá ina mbonn ag an earnáil sin, chun gur féidir leo cuidiú go láidir agus go dinimiciúil leis an Aontas ina iomláine agus leis na limistéir thuaithe go háirithe. Chuige sin is gá an beartas cur chun cinn a athstruchtúrú dá thairbhíthe (eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí gairmiúla agus idirchraoibhe, náisiúnta nó Eorpacha) le modhanna breise, ina bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige don mhargadh inmheánach agus do na margaí lasmuigh den Aontas araon.

Maoineofar an togra seo, lena bhforáiltear do mhéadú a dhéanfar de réir a chéile ach a bheidh suntasach ar an mbuiséad a leithdháiltear ar bhearta cur chun cinn, le suimeanna dá bhforáiltear cheana do Chomhbheartas Talmhaíochta an AE sa tréimhse 2014-2020. Rinneadh an meastachán ar an gcaiteachas sin ar bhonn na ndeiseanna atá ann sna tríú tíortha mar gheall ar an mborradh atá faoin iarraidh, mar atá san Áise, mar shampla, a bhfuiltear ag súil go mbeidh méadú níos mó ná EUR 17 ar allmhairí talmhaíochta inti, gan ach ballstáit ASEAN² a chur sa chuntas³.

Sa bhreis ar bhorradh a bheith faoin iarraidh i margaí atá ag teacht chun cinn, ina bhfuil fás maidir le honnmhairí próiseáilte bia cheana, tiocfaidh feabhas de réir a chéile ar an rochtain atá againn ar an margadh ar an iomlán de réir mar a thabharfar i gcrích na gcaibidlí iomadúla tráchtála atá ar siúl. Baineann na caibidlí saorthrádála atá ar siúl cheana le margaí arb é a luach faoi láthair don earnáil próiseála bia tuairim is EUR 35 billiún in aghaidh na bliana. Is dócha, mar gheall ar an luathú atá ar iarraidh agus saoradh an chuid is mó de na malartuithe trí chaibidlí, go dtiocfaidh méadú an-sunasach ar an bhfigiúr sin. Mar shampla, as seo go dtí 2027, is féidir go gcuirfidh comhaontú leis na Stáit Aontaithe méadú tuairim is 15 % (EUR 1.7 billiún níos mó sa bhliain) ar onnmhairí talmhaíochta as an AE agus méadú 45 % (EUR 13.4 billiún níos mó sa bhliain) ar onnmhairí tairgí próiseáilte⁴. I gcás na Seapáine, dá gcuirfí i gcrích comhaontú ardaidhmeannach, thiocfadh méadú 137 % (EUR 5.9 billiún níos mó sa bhliain) ar onnmhairí próiseáilte bia san fhadtéarma⁵.

Ina fhianaise sin, is léir go bhfuil deis straitéiseach struchtúrúcháin don earnáil Eorpach próiseála bia, deis ar cheart breith uirthi trí bheartas ardaidhmeannach nuálach agus tábhacht na bhFiontar Beag agus Meánmhéide Eorpach san earnáil sin á cur san áireamh. Is gá tacaíocht, saineolas agus spreagadh a thabhairt do na fiontair sin chun an deis mhór sin a shaothrú. Chuige sin, is gá beartas poiblí cuimsitheach, ar chomhchéim leis an deis sin, Leis na suimeanna atá sa togra seo léirítear gur féidir an beartas sin a chur ar bun sna blianta beaga amach romhainn.

Comhthéacs ginearálta

Leis an gComhbheartas Talmhaíochta is féidir acmhainní na hearnála talmhaíochta agus próiseála bia Eorpaí a shaoradh agus a shaothrú. Tá próiseáil athchóiriúcháin ar siúl lena bhféadfaidh an beartas sin, tar éis 2013, cur leis an Straitéis Eorpach 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach an oiread agus is féidir trí thacú le cineál talmhaíochta as

² Comlathas Náisiún Oirdhesceart na hÁise.

³ Tuarascáil: ‘An rud atá an Áise a iarraidh, Claonáí fadtéarmacha tomhaltais bhia san Áise’ Oifig Eacnamaíochta Acmhainní agus Eolaíochtaí na hAstráile, Deireadh Fómhair 2013

⁴ Foinse: Ionad Taighde ar Bheartais Eacnamaíochta (2013): Laghdú ar Bhacainní roimh Thrádáil agus Infheistíocht (arna ullmhú do AS na Trádála), Londain.

⁵ Foinse: Eacnamaíocht Chóibhánach (2010) Measúnú ar Bhacainní roimh Thrádáil agus Infheistíocht idir an AE agus an tSeapáin (tuarascáil deiridh chuig AS na Trádála)..

a dtiocfaidh sábháilteacht bia, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus dinimiciúlacht do na limistéir thuaithe. Is gá, san am céanna, an beartas faisnéise agus cur chun cinn a bhaineann leis na táirgí talmhaíochta, ar ceann d'ionstraimí an Chomhbheartais Talmhaíochta é, a athchóiriú.

Mar ionstraim de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta, ní mór an beartas Eorpach cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta a bheith dírithe ar chuspóirí athchóiriúcháin an Chomhbheartais Talmhaíochta as seo go dtí 2020 agus go háirithe an cuspóir maidir le hacmhainn iomaíochta na talmhaíochta Eorpaí a neartú, ar an margadh inmheánach agus sna tríú tíortha araon trí dhíriú ar na sainchuspóirí seo a leanas:

- An leibhéal eolais atá ag tomhaltóirí maidir le buanna na dtáirgí talmhaíochta Eorpacha a mhéadú;
- Margaí nua le haghaidh táirgí talmhaíochta Eorpacha a shaothrú agus a oscailt ar an margadh inmheánach agus sna tríú tíortha;
- Éifeachtacht agus éifeachtúlacht an bheartais a fheabhsú.

Maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta, tá athrú tagtha ar an tacaíocht a thugann an tAontas uaidh i ndáil le faisnéis ar tháirgí talmhaíochta agus a gcur chun cinn. Roimh 2000, bhí foráil maidir leis na bearta faisnéise agus cur chun cinn ar leibhéal na hearnála. In 2000, cumascadh na bearta earnála i gcóras cothrománach. Ó 2000 go dtí 2007, bhí na gníomhaíochtaí sin faoi rialáil dhá Rialachán ar leith ar bhain ceann acu leis an margadh inmheánach agus an ceann eile leis na tríú tíortha⁶. Ó bhí 2008 ann, cumascadh an dá chur chuige sin i gcóras cothrománach aonair (Rialachán (CE) Uimh 3/2008 ón gComhairle⁷ agus Rialachán (CE) Uimh. 501/2008 ón gCoimisiún⁸) gan aon mhórathrú ar an ábhar.

Cuspóirí an togra

Tá an togra seo dírithe ar a chur ar chumas na ngníomhairí na bearta faisnéise agus cur chun cinn a dhéanamh sa mhargadh inmheánach agus sna tríú tíortha a theastaíonn ón earnáil talmhaíochta chun na dúshlán iomadúla atá roimpi a bhaineann leis an mborradh atá faoin iomaíocht agus le hoscailt na margaí a shárú. Beidh an talmhaíocht ag brath ar a ábalta atá sí a sciaranna den mhargadh a mhéadú agus ligean don earnáil tionscail bia (an biashlabhra arb ionann é agus 6 % faoin gcéad d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais), earnáil an-iomaíoch, áit thábhachtach a choinneáil i ngeilleagar agus i dtráchtáil an Aontais.

Déanfar na bearta de réir straitéise Eorpaí faisnéise agus cur chun cinn lena socrófar tosaíochtaí do na margaí agus do na táirgí nó na teachtaireachtaí atá le saothrú (táirgí a bhfuil

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 2826/2000 ón gComhairle an 19 Nollaig 2000 maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach (IO L 328 an 23.12.2000, lch. 2) agus Rialachán (CE) Uimh. 2702/1999 ón gComhairle an 14 Nollaig 1999 maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta i dtríú tíortha (IO L 327 an 21.12.1999, lch. 7).

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle an 17 Nollaig 2007 maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha (IO L 3 an 5.1.2008, lch. 1).

⁸ Rialachán (CE) Uimh. 501/2008 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2008 ina bhfuil rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh 3/2008 ón gComhairle maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha (IO L 147 an 6.6.2008, lch. 3).

ard-bhreisluch acu, mar shampla). agus an chaibidlíocht ar chomhaontú saorthrádála, agus na margaí is bisiúla á gcur san áireamh agus a áirithiú ar an dóigh sin nach scaipfear agus nach spréifear na modhanna. Táthar ag súil go ndéanfar athchothromú ar na bearta atá dírithe ar na tríú tíortha leis an togra seo.

Chun líon na mbeart a mhéadú agus a gcáilíocht a ardú, is cuí, i gcomhréir le hathchóiriú CBT 2020 lena spreagtar feirmeoirí iad féin a struchtúró, an córas a chur ar fáil do thairbhithe nua amhail eagraíochtaí táirgeoirí.

Is cuí freisin iarracht a dhéanamh an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as infheistíocht sna bearta seo agus srianta diana a leagan síos maidir leis na roghanna a bheidh ann tionscnamh na dtáirgí nó na mbrandaí tráchtála a lua chun an phríomhtheachtairacht chineálach lena gcuirtear an bhéim ar shaintréithe na dtáirgí talmhaíochta Eorpacha a léiriú.

Cuireann na cláir a chuireann oibreoirí as Ballstáit éagsúla ar fáil go mór leis an mbreisluach Eorpach, cuireann siad chun tosaigh éagsúlacht na dtáirgí talmhaíochta Eorpacha agus cothófar iad leis an athchóiriú.

Mar gheall ar thionscnaimh an Choimisiúin amhail na misin ardleibhéil tráchtála nó an rannpháirteachas in aontaí idirnáisiúnta bíonn sé níos fusa táirgí talmhaíochta Eorpacha a chur ar mhargaí nua.

Foráiltear sa togra go bhforbrófar seirbhísí nua tacaíochta do na páirtithe leasmhara lena gcuirfear chun cinn malartú faisnéise ar bhearta faisnéise agus cur chun cinn nó deachleachtas agus lenar féidir saeolas na bpáirtithe a fheabhsú.

Dírítear leis freisin ar bhainistiú na mbeartas faisnéise agus cur chun cinn a shimpliú. Beartaítear léi go mbeidh an Coimisiún níos gníomhaí i mbainistiú na gclár ilnáisiúnta chun gur fusa iad a chruthú agus a chur chun feidhme. Ní mór róil éagsúla an Bhallstáit agus an Choimisiúin maidir le faireachán ar na bearta agus a rialú a shoiléiriú chun nach mbeidh dúbailt ná nósanna imeachta fada ann. Beartaítear gur ar leibhéal an Choimisiúin amháin a bheidh an roghnú.

Ar deireadh, beartaítear go mbeidh measúnú córasach ar an tionchar ag gabháil le gach beart chun a airithiú gur baineadh amach na cuspóirí a leagadh síos. Cuirfear creat meastóireachtae ar bun chun feidhmíocht na mbeartas cur chun cinn a mheas le sraith choiteann táscairí a bhaineann lena gcuspóirí straitéiseacha, i gcomhréir le comhchreat faireacháin agus meastóireachta an Chomhbheartais Talmhaíochta.

Breisluach an AE

Is beartas Eorpach an Beartas Talmhaíochta. In ionad 28 beartas talmhaíochta a bheith ann, cuireann na Ballstáit acmhainní le chéile chun beartas Eorpach a bhfuil comhbhuisead aige a leanúint. Is í an talmhaíocht an t-aon earnáil amháin atá faoi réir comhbheartais agus a bhfuil foráil ina leith sa Chonradh maidir le comhrialacha, lena n-áirítear rialacha maidir le cur chun cinn. Ní mór ionstraimí uile an bheartais sin a theacht as an athchóiriú atá ar siúl ar an gComhbheartas Talmhaíochta.

Go háirithe, i margadh aonair, beidh éifeacht ghíarála mhóir ag beart ar leibhéal an AE maidir le (a) cur ar bun clár faisnéise cineálaí arb annamh a chuireann Ballstáit ná fiontair chun feidhme iad, mar gheall ar an gcineál cláir atá iontu, agus arb annaimhe arís a chuirtear chun feidhme iad de dheasca na géarchéime eacnamaíche agus (b) cláir ilnáisiúnta a chur chun

feidhme a chuirfeadh malartú taithí ar fáil idir na Ballstáit agus na stáit ag a bhfuil barainneachtaí scála.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Comhairliúchán le geallsealbhóirí

Chuathas i gcomhairle le cuid mhór páirtithe leasmhara. Sa Leabhar Glas a sheol an Coimisiún an 14 Iúil 2011, tosaíodh ar phlé ar fógraíodh a thorthaí le linn na Comhdhála maidir le Cur chun Cinn a d'eagraigh Uachtaránacht na Polainne ar an Aontas Eorpach i Samhain 2011. Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an Leabhar Glas le linn a chruinnithe i Nollaig 2011. Ghlac Parlaimint na hEorpa cinneadh an 20 Samhain 2012 tar éis don Choimisiún teachtaireacht a ghlacadh maidir leis an ábhar sin. Bhí comhairliúcháin ann freisin i gcomhthéacs an choiste chomhairligh maidir leis an dul chun cinn agus i meitheal saineolaithe ar shimpliú an Chomhbheartais Talmhaíochta le linn cruinnithe i Márta 2012.

Measúnú ar an gcóras atá an faoi láthair

In Eanáir 2012, foilsíodh measúnú a d'ordaigh an Coimisiún Eorpach agus a rinne comhairleoir seachtrach. Is meastóireacht fhoriomlán neamhspleách ar an gcóras atá ann faoi láthair é an measúnú sin. Scrúdaíodh inti ábharthacht agus éifeacht bheartais faisnéise agus chur chun cinn an AE le haghaidh táirgí talmhaíochta i dtaca leis na cuspóirí atá socraithe i Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle chomh maith lena mhéid a bhí sé ag teacht leis na bearta eile cur chun cinn a chuirtear i bhfeidhm faoin gComhbheartais Talmhaíochta. Is iad na blianta 2002 go dtí 2010 atá cumhdaithe san anailís.

Measúnú tionchair

Ar bhonn an mheasúnaithe ar an gcreat beartas atá ann faoi láthair, ar thaobh amháin, agus ar bhonn anailíse ar na dúshláin agus ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo, tá measúnú agus comparáid idir thrí chás éagsúla sa mheasúnú tionchair. Dréactaíodh na cásanna athchóirithe sin ar bhonn trí eilimint idirdhealaitheacha a tháinig as an bplé poiblí agus as seasaimh na ngeallsealbhóirí éagsúla, mar atá: an spriocmhargadh/na spriocmhargaí, straitéis chur chun cinn Eorpach a bheith ann nó gan a bheith ann, agus, ar deireadh, na rialacha maidir le brandaí príobháideacha agus tionscnamh earraí. Ceapadh trí chás chun próiseas na cinnteoireachata a chothú:

- Baineann an rogha 'feabhas ar an status quo' le hoiriúnú teoranta a dhéanamh ar an mbeartas cur chun cinn. Aithnítear sa rogha sin breisluach an bheartais chur chun cinn agus déantar iarracht na laigí a sainaithníodh a leigheas chun go mbeidh an beartas níos simplí agus níos inrochtana, chun é a chur ar chumas na dtairbhíthe an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as na hionstraimí atá le fáil agus chun tacaíocht theicniúil leordhóthanach a thabhairt dóibh.

- Leis an 'sprioc-chás', chomh maith leis na socruithe a bhaineann leis an 'bhFeabhas ar an Status Quo', dhéanfaí na bearta cur chun cinn ar na margaí inmheánacha agus seachtracha a dhíriú níos fearr trí bhíthin dréachtú agus cur chun feidhme straitéise. Leis an rogha sin freisin, chuirfí chun tosaigh comhar idir oibreoirí Ballstát éagsúil (trí chláir ilnáisiúnta a chur faoi bhainistíocht dhíreach). Lena chois sin, is féidir raon na dtáirgí agus na dtéamaí is incháilithe don chóras cur chun cinn a leathnú leis an straitéis sin. Ar deireadh, beartaítear leis

an gcás seo go mbainfearúsáid níos fearr as lipeadú maidir le tionscnamh táirgí agus as brandaí tráchtála (e.g. brandaí 'meirge')

- Tá an cás 'tríú tíortha amháin' lán chomh hardaidhmeannach leis an 'sprioc-chás' maidir le feidhmíocht an bheartais ach i gcás an cháisseo bheadh na bearta cur chun feidhme dírithe ar na tríú tíortha amháin agus bheadh said faoi bhainistiú díreach an Choimsiúin, i gcomhréir le straitéis roghnúcháin. Na heilimintí feabhsaithe atá beartaithe sa chás 'feabhas ar an status quo' tá siad sa chás seo freisin. Lena chois sin, chomh maith leis an gcur chun cinn cineálach, bheadh na bearta tráchtála ar son brandaí príobháideacha aonair incháilithe freisin don chóras agus d'fhéadfadh sé go mbeadh leathnú ar an liosta de tháirgí agus de théamaí incháilithe i gceist sna bearta sin freisin.

Ní cosúil go bhfuil an cás 'feabhas ar an status quo' dírithe go leor ar bhearta a bhfuil breisluach mór acu don Aontas Eorpach agus tá barraíocht riosca leis an gcás 'tríú tíortha amháin' i bhfianaise a ísle atá an leibhéal eolais ar na táirgí talmhaíochta san Eoraip, agus is léir i bhfianaise an mheasúnaithe tionchair gurb í an 'sprioc-chás' an cás is cothromúla i dtaca le creat a dhearadh don chóras cur chun cinn is mó a bheadh dírithe ar an ngá atá le fás eacnamaíoch sna hearnálacha agus sna margaí talmhaíochta agus a d'ardódh leibhéal eolais na dtomhaltóirí agus iad os comhair raon táirgí a bheidh ag síorleathnú.

3. AN CÓRAS A BHAINISTIÚ

Bainistíocht chomhroinnte (nasc idir an príomhchaiteachas nasctha agus cur cun feidhme na gclár) agus bainistíocht dhíreach (bearta eolas agus cur chun feidhme de thionscnamh an Choimisiúin) atá ar an gcóras faoi láthair. Ba cheart go dtiocfadh as an Rialachán seo méadú a bheadh ginearálta agus mór ar líon na mbearta a chuirtear chun feidhme agus, dá bhrí sin, méadú ar an gcaiteachas ar bhainistíocht chomhroinnte agus ar bhainistíocht dhíreach araon, agus méadú mór maidir le bearta faoi bhainistiú díreach, de bharr athrú na gclár ilnáisiúnta go dtí an modh sin bainistíochta chun gur fusa iad a chur chun feidhme.

Ar bhonn anailíse costéifeachtachta, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go dtabharfaidh sé cúraimí uile bhainistíocht an chlár nó cuid acu do ghníomhaíocht feidhmiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹. Sa teachtaireacht ón gCoimisiún darb ainm 'Buiséad don Eoraip 2020'¹⁰, mhol an Coimisiún go mbéarfaí ar an bhfaill níos mó úsáide a bhaint as na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin atá ann cheana.

Ina fhianaise sin agus i gcomhréir le forálacha Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle¹¹ agus i gcomhréir le hAirteagal 6(g) de Rialachán (CE) Uimh. xxx/xxxx maidir le hairgeadas, bainistíocht agus an Chomhbheartais Talmhaíochta¹²

⁹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

¹⁰ COM(2011)500 (pointe 6.1.3).

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 maidir le stádas na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin a bhfuil cúraimí áirithe orthu a bhaineann le bainistiú clár de chuid an Chomhphobail (IO L 11 an 16.1.2003, Uimh. 1).

¹² Rialachán (AE)..., IO...

agus faireachán air [Rialachán cothrománach maidir leis an CBT], tá sé de rún ag an gCoimisiún cúraimí áirithe a bhaineann le bainistiú díreach na gclár faisnéise agus cur chun cinn, go háirithe cúraimí a bhaineann leis na cláir ilnáisiúnta, a sheachfhoinsiú ó ghníomhaireacht feidhmiúcháin atá ann cheana, chun cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú agus chun feiceálacht an AE ina bhearta faisnéise agus cur chun cinn maidir le táirgí talmhaíochta a neartú.

4. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Bunús Dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 42 agus ar Airteagal 43 den CFAE.

Prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta

- Prionsabal na coimhdeachta

Déanann beartais chur chun cinn agus faisnéise an AE forlíonadh agus treisiú ar na bearta a dhéanann na Ballstáit, go háirithe tríd an íomhá atá ag tomhaltóirí san AE agus i dtríú tíortha a fheabhsú, maidir le cáilíocht, gnéithe a bhaineann le cothú agus le sábháilteacht bia-ábhair agus modhanna táirgthe go háirithe. Trí chuidiú a thabhairt margaí nua a oscailt i dtríú tíortha, is é is dóichí go mbeidh éifeacht iolraitheora ar thionscnaimh náisiúnta agus phríobháideacha ag an ngníomhaíocht sin.

Tagann an togra faoi inniúlacht atá roinnte idir an AE agus na Ballstáit agus comhlíonann sé prionsabal na coimhdeachta.

- Prionsabal na comhréireachta

Ós rud é go bhfuil an léirscaoileadh trádála ag méadú, trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus bia go háirithe, tá an malartú trádála idir Bhallstáit an AE agus tríú tíortha ag síormhéadú freisin. Mar gheall air sin agus ar an gComhbheartas Talmhaíochta a bheith dírithe ag an margadh, tá an rialachán maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha ina uirlis ríthábhachtach agus tá sé ag teacht le creat nua chomhaontú an EDT ar thalmhaíocht.

Is faoin AE atá sé, ar ndóigh, caighdeán ardcháilíochta tháirgí talmhaíochta an AE a chur chun cinn agus comhchláir chur chun cinn a chothú ina mbeidh roinnt tíortha den AE nó roinnt earnálacha talmhaíochta rannpháirteach.

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta.

5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

I dtaca leis an gcás mar atá faoi láthair, foráiltear sa togra do mhéadú a thiocfadh de réir a chéila ach a bheidh mór ar an mbuiséad a shanntar do bhearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta (méadú EUR 61.5 milliún in 2013 go dtí méadú EUR 200 milliún in 2020). Tá mionsonraí maidir leis na himpleachtaí buiséadacha le fáil sa ráiteas airgeadais.

Tá suimeanna na n-íocaíochtaí díreacha agus an chaiteachais a bhaineann leis na bearta margaidh, faoi Chólún I den Chomhbheartais Talmhaíochta, sa togra a bhaineann leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2014-2020. Ar eagla na heagla, tá conclúidí na Comhairle Eorpaí an 8 Feabhra 2013 maidir leis an CAI curtha san áireamh ag an gCoimisiún. Faoi réir ghlacadh an Rialacháin maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta, maoiníofar na bearta faisnéise agus cur chun cinn laistigh de na suimeanna ar chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach orthu.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹³,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle¹⁵, féadfaidh an tAontas bearta faisnéise agus cur chun cinn a dhéanamh ar an margadh inmheánach agus sna tríú tíortha le haghaidh táirgí talmhaíochta agus a modha táirgthe agus táirgí áirithe próiseála bia atá déanta ar bhonn táirgí talmhaíochta.
- (2) Is é is cuspóir do na bearta sin acmhainn iomaíochta na talmhaíochta Eorpaí a neartú, ar an margadh inmheánach agus sna tríú tíortha araon, trí leibhéal eolas na dtomhaltóirí a ardú maidir le buanna na dtáirgí talmhaíochta agus na dtáirgí bia a dhéantar ar bhonn tháirgí talmhaíochta an Aontais agus trí mhargaí nua a shaothrú agus a oscailt. Comhlíontar agus neartaítear go héifeachtach na bearta a dhéanann na Ballstáit leis na bearta sin.
- (3) I bhfianaise na taithí a fuarthas ar thaobh amháin, agus i bhfianaise deiseanna forbartha san earnáil talmhaíochta agus in earnáil na margaí, bíodh sé laistigh nó lasmuigh den Aontas ar an taobh eile, ba cheart an córas a bunaíodh le Rialachán (CE)

¹³ IO C ..., lch .

¹⁴ IO C ..., lch .

¹⁵ Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle an 17 Nollaig 2007 maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha (IO L 3 an 5.1.2008, lch. 1).

Uimh. 3/2008 a athbhreithniú agus é a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí. Dá bhrí sin, is cuí Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 a aisghairm agus Rialachán nua a chur ina ionad.

- (4) I gcomhréir leis na rialacha iomaíochta, ní mór na bearta atá dírithe ar an margadh inmheánach a bheith teoranta do bhearta faisnéise maidir le sonraíochtaí mhodhanna táirgiúlachta talmhaíochta an Aontais nó maidir le téamaí atá ábhartha don Aontas, amhail na córais cháilíochta Eorpacha a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶.
- (5) Lena chois sin, ba cheart foráil do bhearta a bhaineann le barántúlacht tháirgí an Aontais a chur chun cinn chun eolas na dtomhaltóirí a fheabhsú maidir le cáilíochtaí na dtáirgí barántúla i dtaca le táirgí bréige agus góchumtha; chuirfeadh sin go mór leis an eolas laistigh den Aontas agus sna tríú tíortha maidir leis na siombailí, na lipéid agus na giorrúcháin lena léirítear go bhfuiltear rannpháirteach sna córais cháilíochta Eorpacha a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- (6) Táirgí talmhaíochta deiridh is mó a onnmhaireann an tAontas, agus bíonn táirgí talmhaíochta nach mbaineann le hIarscríbhinn I den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh') ar na táirgí sin. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a thabhairt do tháirgí bia áirithe atá déanta ar bhonn táirgí talmhaíochta ar an gcóras faisnéise agus cur chun cinn, i gcomhréir le córais eile an Chomhbheartais Talmhaíochta ('CBT'), ar córais cháilíochta Eorpacha iad, lena bhforáiltear cheana do shocruithe oscailte maidir leis na táirgí sin.
- (7) Tá faisnéis ar fhíonta an Aontais agus a gcur chun cinn ar eochairbhearta na gclár cabhrach san earnáil fionsaothrúcháin dá bhforáiltear leis an CBT. Dá bhrí sin, is cuí incháilitheacht an fhíona ar féidir bearta faisnéise agus cur chun cinn a dhéanamh ina leith faoin gcreat atá ann faoi láthair a theorannú don aon chás amháin ina mbaineann an fíon le táirge talmhaíochta nó bia eile.
- (8) Le linn na tréimhse 2001 - 2011, is ar éigin má bhí 30 % den bhuiséad a leithdháileadh ar bhearta faisnéise agus cur chun cinn faoi Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 dírithe ar mhargaí tríú tíortha, cé gur féidir fás mór a bheith ann sna margaí sin. Ba cheart foráil do shocruithe sonracha chun go ndéanfar an líon is mó beart faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta an Aontais sna tríú tíortha is féidir, agus chun go mbainfear amach 75 % den chaiteachas measta trí thacaíocht airgeadais a neartú go háirithe.
- (9) Chun a áirithiú go mbeidh an tionchar ceart ag bearta faisnéise agus cur chun cinn, ba cheart iad a bheartú faoin gcreat clár faisnéise agus cur chun feidhme. Ba iad na heagraíochtaí gairmiúla nó idirchraoibhe a mholfadh na cláir sin go dtí seo. Chun líon agus cáilíocht na mbeart a mholtar a mhéadú, is cuí eagraíochtaí táirgeoirí a chur faoi raon na dtairbhíthe freisin. Ar a bharr sin, ní mór é a bheith ar a chumas ag an gCoimisiún na cláir sin a chomhlánú trí bhearta a dhéanamh dá thionscnamh féin, go háirithe chun cur le hoscailteacht margaí nua.

¹⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le córais cháilíochta is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta agus bia-earraí (IO L 343 an 14.12.12, lch. 1).

- (10) Ní mór gné shonrach Eorpach a bheith leis na bearta faisnéise agus cur chun cinn a chómhainíonn an tAontas. Chuige sin, agus chun nach mbeidh scaipeadh modhanna ann agus chun infheictheacht na hEorpa sna bearta sin faisnéise agus cur chun cinn maidir le táirgí talmhaíochta a mhéadú, is cuí foráil do bhunú cláir oibre lena saineofar tosaíochtaí straitéiseacha na mbeart sin, maidir le pobail, táirgí, téamaí nó na margaí a bhfuiltear le díriú orthu, agus saintréithe na dteachtaireachtaí faisnéise agus cur chun cinn. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh go háirithe go bhfuil formhór na bhfiontar san earnáil próiseála bia ina bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, go bhfuil earnálacha ann a dtugtar tacaíocht dóibh le bearta eisceachtúla dá bhforáiltear in Airteagal 154, in Airteagal 155 agus in Airteagal 156 de Rialachán (AE) XXX/20... [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair) (COM(2011)626)] agus na comhaontuithe saorthrádála a bhaineann le beartas trádála an Aontais Eorpaigh maidir leis na bearta atá dírithe ar thríú tíortha.
- (11) Chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na bearta faisnéise agus cur chun cinn go héifeachtach, ba cheart cúram a bhfeidhmithe a thabhairt do chomhlachtaí feidhmiúcháin a roghnaíodh go cuí.
- (12) Chomh maith leis na bearta faisnéise agus cur chun cinn, tá sé riachtanach go saothróidh agus go gcomhordóidh an Coimisiún seirbhísí tacaíochta teicniúla ar an leibhéal Eorpach chun cuidiú leis na hoibreoirí páirt a ghlacadh sna cláir chómhainithe, feachtais éifeachtacha a chur i gcrích nó a ngníomhaíochtaí onnmhairithe a shaothrú.
- (13) Níl na bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí atá cómhainithe ag an Aontas dírithe de réir brandaí tráchtála ná de réir a dtionscnaimh shonraigh. Dá ainneoin sin, is féidir éifeacht ghairiála a bheith ag lipéadú de réir branda nó tionscnaimh i gcomhthéacs beart cur chun cinn, sna tríú tíortha go háirithe. Dá bhrí sin, is cuí bheith ábalta, i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha atá le socrú agus go háirithe na cearta maidir le cosaint réadmhaoine tionscail, infheictheacht níos mó a thabhairt do na brandaí agus don tionscnamh, gan an chothroime atá idir sin agus cur chun tosaigh teachtaireachtaí cineálacha atá dírithe ar shaintréithe na dtáirgí talmhaíochta agus bia atá déanta ar bhonn táirgí talmhaíochta an Aontais a chailleadh.
- (14) Tá rún daingean ag an Aontas timpeallacht rialála an CBT a shimpliú. Ba cheart an cur chuige sin a chur chun feidhme ar an Rialachán a bhaineann le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta freisin. Go háirithe, ba cheart na priosabail maidir le bainistíocht riaracháin na gclár faisnéise agus cur chun cinn a athbhreithniú chun iad a shimpliú agus chun gur féidir leis an gCoimisiún rialacha agus nósanna imeachta a shocrú chun cur isteach agus roghnú tograí maidir le cláir a rialú.
- (15) Cuireann an comhar idir ghníomhairí eacnamaíocha as Ballstáit éagsúla go mór le méadú an bhreisluacha Eorpaigh agus méadú infheictheacht éagsúlacht na dtáirgí talmhaíochta. D'ainneoin gur tugadh tús áite do chlár a d'ullmhaigh eagraíochtaí tairisceana de chuid Ballstát éagsúil, níorbh ionann iad sin ach 16 % den bhuiséad a leithdháileadh ar bhearta faisnéise agus cur chun cinn faoi Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 le linn na tréimhse 2001-2011. Ina fhianaise sin, is cuí foráil do shocrúithe nua, go háirithe maidir le bainistíocht buiséid chun na constaicí cur chun feidhme atá ann faoi láthair a sháru.

- (16) Is cuí na critéir maidir le maoiniú na mbeart sin a shainiú. Mar riail ghinearála, níor cheart don Aontas ach cuid de chostais na gclár a chumhdach chun go nglacfaidh na heintitis tairisceana leasmhara a bhfreagrachtaí de láimh. Tá costais áirithe riaracháin agus phearsanra nach mbaineann leis an CBT a fheidhmiú ina gcuid dhílis de na bearta faisnéise agus cur chun cinn agus is féidir go mbeidh siad incháilithe do mhaoiniú ón Aontas.
- (17) Ní mór faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar gach beart chun a cháiliócht a fheabhsú agus chun a éifeachtacht a léiriú. Mar gheall air sin, ba cheart don Choimisiún liosta táscairí a shocrú agus tionchar an bheartais chur chun cinn a mheas i dtaca lena chuspóirí straitéiseacha. Is cuí go mbunófaidh an Coimisiún creat faireacháin agus meastóireachta don bheartas sin i gcomhréir le comhchreat faireacháin agus meastóireachta an CBT.
- (18) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, go mbainistefar go maith iad agus go n-úsaidfear maoiniú an Aontais go héifeachtach, is cuí é a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh, maidir leis na coinníollacha sonracha maidir le hinfheictheacht agus lipéadaithe thionscnamh na dtáirgí, critéir incháilitheachta na n-eintiteas tairisceana, coinníollacha iomaíochta na n-eagraíochtaí feidhmiúcháin agus na coinníollacha faoina bhféadfar an t-eintiteas tairisceana a údarú codanna áirithe den chlár a fheidhmiú é féin agus, ar deireadh, na coinníollacha sonracha incháilitheachta do chlár shimplí maidir le costais na mbeart faisnéise agus cur chun cinn. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin chuí le linn a chuid réamhoibre, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Is cuí go ndéanfaidh an Coimisiún, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go comhuaineach, tráthuíl cuí.
- (19) Chun an trasdul ón gcóras a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 chuig an gcóras a bhunófar leis an Rialachán seo a éascú, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligeann chuig an gCoimisiún i dtaca le forálacha idirthréimhseacha a dhéanamh idir forálacha Rialacháin (CE) Uimh. 3/2008 agus forálacha an Rialacháin seo.
- (20) Chun a áirithiú go mbeidh coinníollacha cur chun feidhme an Rialacháin seo aonfhoirmeach, ba cheart na hinniúlachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an gclár oibre lena socrófar na tosaíochtaí straitéiseacha, roghnú na gclár simplí, na rialacha maidir le cur chun feidhme, faireachán agus rialú na gclár simplí, na rialacha maidir le conarthaí a thabhairt chun críche a bhaineann le cur chun feidhme na gclár simplí a roghnaíodh faoin Rialacháin seo agus maidir leis an gcomhchreat le haghaidh tionchar na gclár a mheas. Ba cheart na hinniúlachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷ ..

¹⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na rialacha maidir leis na Ballstát rialú a dhéanamh ar an bhfeidhmiú inniúlachtaí cur chun feidhme a dhéanann an Coimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch 13),

- (21) Chun go mbeidh na bearta cur chun cinn i gColún I den CBT ag teacht le chéile níos fearr, is cuí go mbeidh bearta faisnéise agus cur chun cinn faoi chreat Rialachán (CE) Uimh. .../20... [COM(2011)626] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ¹⁸ ag luí leis na tosaíochtaí straitéiseacha atá le sainiú ar leibhéal cothrománach ar bhonn an Rialacháin seo.
- (22) Agus na naisc atá ann idir an beartas cur chun cinn agus ionstraimí eile an CBT, is féidir cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais trí ráthaíocht ilbhliantúil an mhaoinithe ón Aontas agus trí dhíriú isteach ar thosaíochtaí a sainíodh go soiléir. Dá bhrí sin, tá an Rialachán seo ag luí le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ós rud é go bhfuil raon feidhme an Rialacháin seo teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí a bhaint amach, urramaíonn sé freisin prionsabal na comhréireachta mar atá leagtha síos in Airteagal 5(4) den Chonradh sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Féadfar na bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí áirithe bia a dhéantar ar bhonn táirgí talmhaíochta ('bearta faisnéise agus cur chun cinn' anseo feasta) a dhéantar sa mhargadh inmheánach nó i dtírú tíortha a mhaoiniú as buiséad an Aontais, go hiomlán nó go páirteach, faoi choinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

Airteagal 2

Bearta maidir leis an margadh inmheánach

Is iad seo a leanas na is incháilithe ar an margadh inmheánach:

- (a) bearta faisnéise agus cur chun cinn atá dírithe ar bhéim a leagan ar shonraíochtaí mhodhanna táirgthe talmhaíochta an Aontais, go hairithe maidir le sábháilteacht bia, barántúlacht, gnéithe a bhaineann le cothú agus sláinte, leas ainmhithe nó maidir leis an gcomhshaoil.

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. XXX/20 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta, IO...

(b) na bearta faisnéise faoi na téama dá dtagraítear in Airteagal 5(4).

Airteagal 3

Bearta maidir le Tríú Tíortha

Is iad seo a leanas na is incháilithe sna tríú tíortha:

- a) na bearta faisnéise atá dírtithe ar bheim a leagan ar shainghnéithe na dtairgí talmhaíochta agus próiseáilte bia agus ar na téamaí dá dtagraítear in Airteagal 5(4);
- b) na bearta cur chun cinn atá dírtithe ar dhíol na dtairgí talmhaíochta agus próiseáilte bia de thionscnamh an AE a mhéadú.

Airteagal 4

Sainghnéithe na mBeart

- 1. Níl na bearta faisnéise agus cur chun cinn dírtithe de réir na mbrandaí tráchtála. Dá ainneoin sin, féadfaidh brandaí na dtáirgí bheith infheicthe le linn taispeántais nó blaiste táirgí agus ar an ábhar faisnéise agus cur chun cinn, faoi choinníollacha sonracha atá le glacadh de bhun Airteagal 4(a).
- 2. Ní spreagfar daoine leis na bearta faisnéisean táirge a chaitheamh de bharr a thionscnaim. Dá ainneoin sin, féadfaidh tionscnamh na dtáirgí bheith infheicthe ar an ábhar faisnéise agus cur chun cinn faoi choinníollacha sonracha atá le glacadh de bhun Airteagal 6(b).
- 3. Cuirfear na bearta faisnéise agus cur chun cinn chun feidhme faoi chreat:
 - (a) clár faisnéise agus cur chun feidhme ('clár' anseo feasta) atá dírtithe ar an bhfaisnéis a mhéadú ar na spriocthéamaí nó ar na táirgí lena mbaineann agus ar dhíol na dtáirgí sin trí thacar beart comhleanúnach.
 - (b) tionscnaimh de chuid an Choimisiúin.

Airteagal 5

Táirgí agus téamaí is incháilithe

- 1. Is féidir bearta faisnéise agus cur chun cinn a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 3 i leith na dtáirgí seo a leanas agus is féidir iad a úsáid chun na modhanna táirge agus na téamaí dá dtagraítear in Airteagal 2 agus in Airteagal 3(a) a thaispeáint:
 - (a) na táirgí talmhaíochta atá sa liosta atá le fáil in Iarscríbhinn I den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh' anseo feasta) seachas na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe atá sa liosta in Iarscríbhinn I de Rialachán

(CE) Uimh. [COM(2011)416] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹ agus an tobac;

- (b) na tairgí bia a dhéantar ar bhonn tairgí talmhaíochta atá liostaithe i bpointe I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
 - (c) na deochanna biotáilleacha a bhfuil tasc geografach faoi chosaint leo faoi Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰.
2. Is féidir bearta faisnéise agus cur chun cinn a dhéanamh i leith an fhíona, ar choinníoll go bhfuil an clár atá beartaithe dírithe freisin ar tháirgí eile dá dtagraítear i mír 1(a) nó (b).
3. I gcás na ndeochanna biotáilleacha dá dtagraítear i mír 1(c), agus i gcás an fhíona dá dtagraítear i mír 2 tá na bearta atá dírithe ar an margadh inmheánach teoranta d'fhaisnéis do thomhaltóirí maidir leis na córais cháilíochta Eorpacha maidir leis na tásca geografacha.
4. Is iad seo a leanas na téamaí dá dtagraítear in Airteagal 2(b) agus in Airteagal 3(a):
- (a) na córais cháilíochta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus le hAirteagal 70 de Rialachán (AE) XXX/20... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an... lena bhunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (Rialachán 'CEM aonair') (COM(2011)626)];
 - (b) an modh táirgthe bitheolaíoch, mar atá sainithe i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle²¹;
 - (c) lógónna na dtáirgí talmhaíochta ar cháilíochtaí sonracha as na réigiúin sárimeallacha mar atá sainithe in Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²²;

¹⁹ Rialachán (AE) Uimh. [COM(2011)416] an... lena mbunaítear Comheagraíocht Mhargaidh in earnáil na dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.

²⁰ Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tasc geografach deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

²¹ Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeacht orgánach agus lipéadú tairgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

²² Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 78 an 20.3.2013, Uimh. 247).

Airteagal 6

Cumhachtaí tarmligthe

Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) na coinníollacha sonracha infheictheachta maidir leis na brandaí tráchtála le linn taispeántais nó blaiseadh táirgí agus maidir leis an ábhar faisnéise agus cur chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 4(1);
- (b) na coinníollacha maidir le tionscnamh táirgí a lua dá dtagraítear in Airteagal 4(2).

Caibidil II

Na BEARTA FAISNÉISE AGUS CUR CHUN CINN a CHUR CHUN FEIDHME

ROINN 1

FORÁLACHA COMHCHOITEANNA

Airteagal 7

Na heintitis tairisceana

Is iad seo na heagraíochtaí a fhéadfaidh an clár a thairiscint:

- (a) eagraíochtaí trádála nó idirthrádála náisiúnta;
- (b) eagraíochtaí trádála nó idirthrádála de chuid an Aontais;
- (c) eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí mar atá sainithe in Airteagal 106 agus in Airteagal 107 de Rialachán (AE) (UE) XXX/20... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an... lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta, [(Rialachán maidir le CEM Aonair) (COM(2011)626)].

Airteagal 8

An Clár Oibre

1. Cuireann na bearta faisnéise agus cur chun cinn le neartú acmhainn iomaíochta na talmhaíochta Eorpaí ar an margadh inmheánach agus sna tríú tíortha araon. Socrófar na cuspóirí atá le baint amach sa chlár oibre dá dtagraítear i mír 2.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, clár oibre ina mbeidh na cuspóirí atá le baint amach, na tosaíochtaí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, na rialacha maidir le cur chun feidhme agus suim iomlán an phlean maoinithe leagtha amach. Beidh tuairisc ann freisin ar an príomhchriteir meastóireachta, ar na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú, léiriú na suimeanna a leithdháilfear ar gach cineál gníomhaíochta, tráthchlár tascach cur chun feidhme agus, i gcás fordheontas, an t-uasmhéid cómhaoiniúcháin.

Glacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(3).

3. Cuirfear an clár oibre dá dtagraítear i mír 1 chun feidhme tríd an gCoimisiún na nithe seo a leanas a fhoilsiú:
- a) I gcás na gclár simplí, glao ar thairiscintí ina mbeidh na coinníollacha rannpháirteachas agus na príomhchriteir measúnaithe go háirithe.
 - b) I gcás na n-ilchlár, glao ar thairiscintí i gcomhréir le teideal IV de Roinn I de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012²³

Airteagal 9

Na cláir

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn:

- (a) 'clár simplí' clár is féidir le haon eintiteas tairisceana amháin, dá dtagraítear in Airteagal 7(a) nó (c) nó níos mó agus arb as aon Bhallstát amháin iad, a thíolacadh;
- (b) 'ilchlár' clár is féidir le roinnt eintiteas tairisceana dá dtagraítear in Airteagal 7(a) nó (c) agus arb as roinnt Ballstát iad nó le heintiteas amháin Eorpach dá dtagraítear in Airteagala 7(b) nó níos mó, a thíolacadh.

Airteagal 10

Bearta de thionscnamh an Choimisiúin

1. Féadfaidh an Coimisiún aon bheart amháin faisnéise agus cur chun cinn a dhéanamh de réir an chur síos orthu in Airteagal 2 agus in Airteagal 3. Féadfaidh na bearta sin, go háirithe, bheith i bhfoirm rannphairteachais in aontaí tráchtála nó i dtaispeántais a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo, le seastáin nó le hoibriúcháin atá dírithe ar íomhá tháirgí an Aontais a chur chun tosaigh.

²³ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 26.10.2012 (IO L 298 an 26.10.2012, lch. 1).

2. Saothróidh an Coimisiún seirbhísí tacaíochta teicniúla, go háirithe chun eolas ar na margaí éagsúla a chothú, chun líonra gairmiúil dinimiciúil a bhaineann le beartais faisnéise agus chur chun cinn a choinneáil ar bun agus an t-eolas ar na forálacha reachtacha maidir le cláir a tharraingt suas agus a chur chun feidhme.

Airteagal 11

An maoiniú dúbailte a chosc

Ní fhéadfar ranníocaíocht ón AE a thabhairt do bhearta faisnéise agus cur chun cinn atá ag fáil tacaíocht airgeadais eile de bhun Rialachán (AE) XXXX/20.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an... maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Talmhaíochta Eorpach d'Fhorbairt Tuaithe (Feader) (COM(2011)627)²⁴] ou au titre du règlement (UE) XXX/20... [du Parlement européen et du Conseil du... portant organisation commune des marchés des produits agricoles (règlement "OCM unique") (COM(2011)626)], ne peuvent pas faire l'objet d'une contribution financière de l'Union au titre du présent règlement.

ROINN 2

CLÁIR SHIMPLÍ A CHUR CHUN FEIDHME AGUS A BHAINISTIÚ

Airteagal 12

Cláir shimplí a roghnú

1. Déanfaidh an Coimisiún na tograí le haghaidh clár simplí a mheas agus a roghnú tar éis an ghlaio ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 8(3)(a).
2. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maidir leis na cláir shimplí a roghnaíodh, na hathruithe a bheidh le déanamh orthu, más ann dóibh, agus na buiséid chomhfhreagracha. Glacfar na gníomhartha sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2).

Airteagal 13

Comhlachtaí a bheidh freagrach as na cláir shimplí a chur chun feidhme

Tar éis tairiscintí iomaíochta a dhéanfar trí bhíthin na modhanna is cuí, roghnóidh an t-eintiteas tairisceana na comhlachtaí a chuirfidh na cláir shimplí a roghnaíodh chun feidhme, go háirithe chun a áirithiú go gcuirfear na bearta chun feidhme go héifeachtach.

²⁴ Rialachán (AE) Uimh.º... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.. maidir le comheagraíocht na margaí i dtairgí talmhaíochta, IO...

Airteagal 14

Na cláir shimplí a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a rialú

1. Beidh na Ballstáit lena mbaineann freagrach as na cláir shimplí a roghnaíodh agus na híocaíochtaí a bhaineann leo a chur chun feidhme go héifeachtach de bhun Airteagal 9. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh an t-ábhar faisnéise agus cur chun feidhme a táirgeadh faoi chreat na gclár sin i gcomhréir le rialacha an Aontais.
2. Cuirfidh na Ballstáit na cláir shimplí chun feidhme, déanfaidh siad faireachán orthu agus rialóidh siad iad i gcomhréir leis an Rialachán (AE) Uimh. XXX/20... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an... maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air (COM(2011) 628] i gcomhréir leis na rialacha atá le glacadh de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 22.

Airteagal 15

Forálacha airgeadais maidir leis na cláir shimplí

1. Ní bheidh ranníocaíocht an Aontais do na cláir shimplí dá dtagraítear i mír 1 os cionn 50 % den chaiteachas incháilithe. Is ar na heintitis tairisceana a bheidh an chuid eile den chaiteachas, agus orthu sin amháin.
2. Féadfar an céatadán dá dtagraítear i mír 1 a mhéadú go 60 % i gcás an méid seo a leanas:
 - (a) clár simplí atá dírithe ar aon tír amháin nó ar roinnt tíortha;
 - (b) bearta faisnéise agus cur chun cinn maidir le torthaí agus le glasraí atá dírithe go sonrach ar na leanaí in institiúidí scolaíochta an Aontais.
3. Beidh na staidéir mheastóireachta ar na bearta faisnéise agus cur chun cinn a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 23 incháilithe do mhaoiniú ón Aontas i gcás dálaí atá cosúil le dálaí an chlár shimplí.
4. Maoineoidh an tAontas go hiomlán na gcostas ar shaineolas a bhaineann le roghnú na gclár i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. XXX/20 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an... maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air (COM(2011) 628].
5. Chun a áirithiú go gcuirfear na cláir shimplí chun feidhme go cuí, taiscfidh na heagraíochtaí tairisceana urrúis mar ráthú.
6. Déanfar na bearta faisnéise agus cur chun cinn a chuirtear i bhfeidhm trí chlár shimplí i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/20. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an... maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta (COM(2011) 628].

ROINN 3

NA HILCHLÁIR AGUS NA BEARTA DE THIONSCNAMH AN CHOIMISIÚIN A CHUR CHUN FEIDHME AGUS A BHAINISTIÚ

Airteagal 16

Cineálacha maoiniúcháin

1. Féadfar aon cheann amháin nó roinnt de na coinníollacha maoiniúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 a bheith ann agus is éard a bheidh iontu, go háirithe:
 - (a) foirdheontais do na hilchláir;
 - (b) margaí do na bearta ar de thionscnamh an Choimisiún iad.
2. Maoineofar na bearta faisnéise agus cur chun cinn a chuirtear i bhfeidhm trí chlár shimplí nó de thionscnamh an Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/20. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an... maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta (COM(2011) 628)].

Airteagal 17

Meastóireacht ar na hilchláir

Déanfar na tograí le haghaidh ilchlár a mheasúnú agus a roghnú ar bhonn a bheidh fógraithe sa ghlaó ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 8(3)(b).

Airteagal 18

Forálacha maidir le hilcháir

Is é 60 % d'iomlán na gcostas is incháilithe d'ilchláir an t-uasmhéid cómhaoiniúcháin. Is ar na heintitis tairisceana a bheidh an chuid eile den chaiteachas, agus orthu sin amháin.

Airteagal 19

Soláthar do na bearta ar de thionscnamh an Choimisiún iad.

Beidh gach soláthar a dhéanfaidh an Coimisiún thar a cheann féin nó i gcomhar leis na Ballstáit faoi réir na rialacha maidir le soláthar atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 966/2012 agus i Rialachán tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012.

Leas airgeadais an Aontais a chosaint

1. Glacfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena n-áiritheofar, nuair a chuirfear gníomhaíochtaí a bheidh á maoiniú faoin Roinn seo chun feidhme, go ndéanfar leas airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillitheachta nó aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na suimeanna a íocadh go míchuí a aisghabháil agus, más cuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais éifeachtacha comhréireacha díspreagthacha a ghearradh.
2. Beidh cumhacht iniúcháireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúcháirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas.
3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus imscrúduithe ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (UE, Euratom) n° 883/2013²⁵ agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle²⁶ chun a fháil amach an ndearnadh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanadh difear do leasanna airgeadais an Aontais maidir le comhaontuithe i leith deontas nó cinntí i leith deontas nó cinntí i leith conarthaí a mhaoinítear faoin gClár.
4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 agus do mhír 3, beidh forálacha i gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, i gcomhaontuithe i leith deontas agus i gcinntí i leith deontas, a thiocfaidh as cur chun feidhme an Chláir seo lena dtabharfar de chumhacht go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúcháirí agus d'OLAF na hiniúchtaí sin agus na himscrúduithe sin a dhéanamh, de réir a gcuid inniúlachtaí féin.

²⁵ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Mean Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. ° 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom)) Uimh. ° 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248 an 18.9.2013, lgh. 1–22).

²⁶ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. °2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ó chalaois agus ó mhírialtacht eile (IO L 292 an 15.11.1996, lgh. 2–5).

ROINN 4

CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE AGUS CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 21

Cumhachtaí tarmligthe

Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) na coinníollacha sonracha faoina bhféadfaidh gach ceann de na heintitis tairisceana dá dtagraítear in Airteagal 7 clár a chur isteach, go háirithe chun a áirithiú go mbeidh an clár an-ionadaíoch agus go mbeidh raon an-leathan aige;
- (b) na coinníollacha faoina bhféadfar údarú a thabhairt d'eintiteas tairisceana codanna áirithe den chlár a chur chun feidhe é féin de mhaolú ar Airteagal 13;
- (c) na coinníollacha maidir le hiomaíocht idir na comhlachtaí cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 13;
- (d) na coinníollacha sonracha incháilitheachta maidir leis na cláir shimplí, maidir le costais na mbeart faisnéise agus cur chun cinn agus, más gá, na costais riaracháin agus pearsanra.

Airteagal 22

Cumhachtaí cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún an méid a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme,

- (a) na rialacha cur chun feidhme, faireacháin agus rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2);
- (b) na rialacha maidir le conarthaí a thabhairt i gcrích ar mhaithe le cur chun feidhme na gclár a roghnaíodh faoin Rialachán seo,

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).

Caibidil III

TARMLIGEAN CUMHACHTA, FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME, IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS DEIRIDH

ROINN 1

TARMLIGEAN CUMHACHTAÍ AGUS FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 23

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Is go ceann tréimhse neamhchinntithe ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a thabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa Rialachán seo a ghlacadh.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa Rialachán seo a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis angcúlghairm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh cúlghairm a dhéanamh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sin difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle faoi cheann dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Féadfar síneadh dhá mhí a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 24

An Coiste

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún an Coiste um Chomheagraíocht na Margaí Talmhaíochta a bunaíodh le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/20. ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle * an lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (Rialachán maidir le CEM Aonair].

Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

ROINN 2

COMHAIRLIÚCHÁN, MEASÚNÚ AGUS TUARASCÁLACHA

Airteagal 25

Comhairliúchán

Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an ngrúpa comhairliúcháin 'cur chun cinn na dtáirgí talmhaíochta' a bunaíodh le Cinneadh 2004/391/CE ón gCoimisiún²⁷.

Airteagal 26

Meastóireacht ar thionchair na mbeart

I gcomhréir leis an gcomhchreat faireacháin agus meastóireachta don Chomhbheartas Talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 119 de Rialachán (AE) Uimh. .../20... [COM(2011)628], socróidh an Coimisiún, faoi Airteagal 21(2), an comhchreat faireacháin agus measúnaithe don mheasúnú tionchair ar na cláir faisnéise agus chur chun cinn a mhaoineofar faoin Rialachán seo, agus córas táscairí.

Tabharfaidh na páirtithe uile lena mbaineann don Choimisiún na sonraí agus an fhaisnéis uile is gá chun gur féidir measúnú tionchair a dhéanamh ar na bearta.

Airteagal 27

Tuarascáil

Faoi 1 Márta 2016, tólacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar chur chun feidhme an Rialacháin seo maille le tograí reachtacha cuí, más gá sin.

²⁷

Cinneadh 2004/391/CE ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2004 maidir le feidhmiú grúpaí comhairliúcháin i réimse an Chomhbheartais Talmhaíochta (IO L 120 an 24.4.2004, lch. 50).

ROINN 3

FORÁLACHA LEASÚCHÁIN, IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS DEIRIDH

Airteagal 28

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. .../20... [COM(2011)626]

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. .../20... [COM(2011)626] mar seo a leanas:

- (a) in Airteagal 34(2) cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 3:

'Ní mór an straitéis náisiúnta a bheith i gcomhréir leis na tosaíochtaí straitéiseacha atá sainithe sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Rialachán (AE) Uimh. XXX dó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha (IO L.....).

- (b) cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 43:

'5. Tá na bearta dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na tosaíochtaí straitéiseacha atá sainithe sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. XXX'

Airteagal 29

Státchabhair

De mhaolú ar Airteagal 146 (AE) XXXX/20... [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (Rialachán 'CEM Aonair') (COM(2011) 626)] agus ar Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle²⁸, agus de bhun chéad fhomhír Airteagal 42 den Chonradh, níl feidhm ag Airteagal 107, ag Airteagal 108 agus ag Airteagal 109 den Chonradh ar íocaíochtaí a dhéanann na Ballstáit de bhun an Rialacháin seo agus i gcomhréir lena fhorálacha, ná ar leithdháilte airgeadais as táillí paraifhioscacha nó as ranníocaíochtaí éigeantacha ó na Ballstáit, i gcás na gclár atá incháilithe do thacaíocht ón Aontas faoi fhomhír 2 d'Airteagal 42 den Chonradh, a roghnaigh an Coimisiún i gcomhréir leis an Rialachán seo.

²⁸

Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle an 24 Iúil 2006 lena ndéantar rialacha áirithe iomaíochta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí áirithe talmhaíochta (IO L 214 an 4.8.2006, Uimh. 7).

Airteagal 30

Aisghairm

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 3/2008.

Déantar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léitear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in iarscríbhinní an Rialacháin seo.

Airteagal 31

Forálacha idirthréimhseacha

Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an trasdul idir forálacha Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 agus forálacha an Rialacháin seo a áirithiú.

Airteagal 32

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[Beidh feidhm aige ón ...]

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

TÁBLA COMHGHAOIL DÁ dTAGRAÍTEAR in Airteagal 30

Rialachán (CE) Uimh. 3/2008	An Rialachán seo
Airteagal 1(1), an chéad fhomhír	Airteagal 1
Airteagal 1(1), an dara fhomhír	Airteagal 4(3)(a)
Airteagal 1(2)	Airteagal 4(1) agus (2)
Airteagal 2	Airteagal 2 agus Airteagal 3
Airteagal 3 agus Airteagal 4	Airteagal 5
Airteagal 5	Airteagal 8(2)
Airteagal 6(1)	Airteagal 7
Airteagal 6(2)	---
Airteagal 7	---
Airteagal 8	Airteagal 12 agus Airteagal 17
Airteagal 9	---
Airteagal 10	Airteagal 10
Airteagal 11	Airteagal 13
Airteagal 12(1)	---
Airteagal 12(2)	Airteagal 14
Airteagal 13(1)	Airteagal 16(1)(b)
Airteagal 13(2), an chéad fhomhír	Airteagal 15(1)
Airteagal 13(2), an dara fhomhír	Airteagal 15(2)
Airteagal 13(2), an tríú fhomhír	---
Airteagal 13(3)(4) agus (5)	---
Airteagal 13(6)	Airteagal 29
Airteagal 14	Airteagal 15(6) agus Airteagal 16(2)
Airteagal 15 agus Airteagal 16	Airteagal 23 agus Airteagal 24
Airteagal 17	Airteagal 25
Airteagal 18	Airteagal 27
Airteagal 19	Airteagal 30
Airteagal 20	Airteagal 32

Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 arna ailíniú le forálacha Chonradh Liospóin faoin togra le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. COM(2011)663	An Rialachán seo
Airteagal 1(1), an chéad fhomhír	Airteagal 1
Airteagal 1(1) an dara fhomhír agus an tríú fhomhír	Airteagal 42(5) agus Airteagal 6(2)
Airteagal 1(2)	Airteagal 2(3) agus (4)
Airteagal 1(3)	Airteagal 6(2)
Airteagal 1(4)	Airteagal 18(d)
Airteagal 2	Airteagal 2(1) agus (2)
	Airteagal 3
	Airteagal 6(2)

Airteagal 3 agus Airteagal 4	Airteagal 5
Airteagal 5	---
Airteagal 6(1)	---
Airteagal 6(2)	Airteagail 9, 14 agus 15
Airteagal 7	---
Airteagal 8	Airteagal 8
Airteagal 9	Airteagail 10, 16 agus 18(b)
Airteagal 10	---
Airteagal 11	Airteagal 11
Airteagal 12(1)	Airteagal 13(1)(b)
Airteagal 12(2) agus (3)	Airteagal 12(1)
Airteagal 13(1)	Airteagal 12(2)
Airteagal 13(2), an chéad fhomhír	---
Airteagal 13(2), an dara fhomhír	---
Airteagal 13(2), an tríú fhomhír	Airteagal 26
Airteagal 13(3)(4) agus (5)	Airteagal 12(5)
Airteagal 13(6)	Airteagal 12(6)
Airteagal 13(7)	Airteagal 19
Airteagal 13(8)	Airteagal 12(7) agus Airteagal 13(2)
Airteagal 13(9)	---
Airteagal 14	Airteagal 20
Airteagal 15(a).	Airteagal 21
Airteagal 16(a).	Airteagal 22
Airteagal 16(b)	Airteagal 24
Airteagal 17	Airteagal 27
Airteagal 18	Airteagal 29
Airteagal 19	
Airteagal 20	

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. LEAGAN AMACH AN TOGRA

Togra le haghaidh Rialacháin (CE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta faisnéise agus bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB²⁹

Réimse beartais Theideal 05 de Cheannteideal 2.

1.3. Nádúr an togra

x Baineann an togra le **beart nua**

☐ Baineann an togra le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**³⁰

Baineann an togra le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra le **beart a atreoraíodh i dtreo birt nua**

Baineann an togra le síneadh ar bheart atá ann cheana ach ar cuireadh gnéithe nua isteach ann.

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra dírithe

Tá an togra dírithe ar úsáid éifeachtach acmhainní le haghaidh fáis chliste, inbhuanaithe agus uilechuimsithigh do thalmhaíocht an AE, i gcomhréir leis an straitéis Eoraip 2020.

Mar ionstraim de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT), tá an beartas Eorpach cur chun cinn maidir le táirgí talmhaíochta dírithe ar chuspóirí athchóirithe an CBT as seo go 2020 agus go háirithe an cuspóir maidir leis hacmhainn iomaíochta na hearnála Eorpaí a neartú, ar an margadh inmheánach agus sna tríú tíortha.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Cuspóir sonracha

Iomaíocht earnáil na talmhaíochta a fheabhsú agus cur lena luach sa slabhra bia

²⁹ ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí - ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.
³⁰ Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

05 02 'Idirghabhálacha i margaí talmhaíochta'

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuiltear ag súil leis*

Faoin togra seo, beidh straitéis fhoriomlán ag an mbeartas cur chun cinn lenar féidir freagairt ar dhóigh dhírithe agus éifeachtach do na deiseanna eacnamaíocha i dtríú tíortha, mar shampla i ndáil leis na comhaontuithe saorthrádála, agus riar ar an riachtanas atá le faisnéis ar bhuanna táirgí talmhaíochta Eorpacha.

Is sa straitéis chur chun cinn a shaineofar na teachtaireachtaí atá le cur amach agus a lena gcuirfear chun cinn eilimintí sonracha an CBT go háirithe, lena n-áirítear a mhodhanna táirgthe inbhuanaithe agus a chórais cháilíochta.

Maidir le poist, beidh baint idir an tionchar a bheidh ag an togra agus na hiarmhairtí eacnamaíocha a bhfuiltear ag súil leo, ach ba cheart go mbeadh an togra seo ina chuidiú ag coinneáil na bpost san earnáil talmhaíochta agus bhia, go háirithe sna fiontair bheaga agus mheánmhéide (ó tá tosaíocht tugtha do na fiontair sin sa straitéis) arb ionann iad agus 99 % de na poist san earnáil sin.

Táthar ag súil go méadófar go mór líon na gclár a bhfuil baint ag eagraíochtaí as tíortha éagsúla den AE leo (ar a dtugtar 'cláir ilnáisiúnta'), ag a bhfuil breisluach Eorpach mór, mar gheall ar an simpliú ar an mbainistíocht atá déanta anois ar leibhéal an Choimisiúin, gan na Ballstáit a bheith i gceist ag céim idirthréimhseach.

1.4.4. *Táscairí lena léirítear toradh agus tionchar*

Trí leibhéal táscairí de réir na gcuspóirí

Táscairí Iarmharta

- Comhordú trádála talmhaíochta Eorpaí;
- Ioncam talmhaíochta.

Táscairí toraidh

- Onnmhairí talmhaíochta Eorpacha;
- Luach an táirgthe faoi shonraíochtaí cáilíochta Eorpacha agus méid na talmhaíochta bitheolaíocha (táscairí lena dtomhaistear feidhmíocht na straitéise go hindíreach – téamaí tosaíochta...);
- Tuairimí na dtomhaltóirí ar íomhá na dtáirgí (suirbhéanna, tuarascála Eorabharaiméadair...).

Táscaire sprice aschuir

- Líon na gclár (Margadh inmheánach/Tríú tír);
- Tairbhíthe nua (líon na n-eagraíochtaí tairisceana nua i gcoibhneas le líon iomlán na n-eagraíochtaí tairisceana);
- Líon na gclár ilnáisiúnta.

1.5. Na forais leis an togra

1.5.1. na riachtanais ar a bhfuil le riar sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Is é an príomhfhadhb go bhfuil méadú ar an mbrú ar acmhainn iomaíochta na hearnála talmhaíochta, as a dtagann trí ní éagsúla:

- Iomaíocht láidir ar thaobh na dtríú tíortha maidir leis na táirgí talmhaíochta Eorpacha;

- Méadú ar na ceanglais atá le comhlíonadh ag na feirmeoirí agus ar na costais ar an ngeilleagar san AE. Mar shampla, le linn na tréimhse 2000-2012, tháinig méadú 82 % ar phraghsanna talmhaíochta domhanda, ach tháinig ollmhéadú 261 % ar na praghsanna fuinnimh agus 286 % ar phraghsanna an aoiligh; sin an tréimhse is mó athruithe le tríocha bliain anuas;

- Leibhéal íseal eolais faoi bhuanna tháirgí talmhaíochta an AE, go háirithe ar an margadh inmheánach. Mar shampla, measann formhór na nEorpach gurb é is príomhthosaíocht ag an gCoimisiún Eorpach maidir le beartais talmhaíochta agus forbairt tuaithe, a áirithiú go mbeidh na táirgí talmhaíochta ar ardchaighdeán, go mbeidh siad sláintiúil agus nach mbeidh contúirt leo. San am céanna, ní aithníonn ach 14 % de na hEorpaigh lógónna (STFC)³¹/TCG³², ceann de na príomhchórais cháilíochta a chuir an tAontas ar bun.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an AE

Is beartas Eorpach i bhfírinne an Comhbheartas Talmhaíochta. In ionad 28 beart a bheith acu, cuirfidh na Ballstáit acmhainní le chéile chun beartas Eorpach a oibriú a bhfuil comhbhuisead agus comhrialacha aige, go háirithe rialacha a bhaineann le cur chun cinn. Go háirithe, i margadh aonair, beidh éifeacht ghiarála mhór ag beart ar leibhéal an AE maidir le cur ar bun clár faisnéise cineálaí, nach minic a chuireann Ballstáit ná fiontair i bhfeidhm iad, mar gheall ar an gcineál cláir atá iontu, agus arb annaimhe arís a chuirtear i bhfeidhm iad ó theacht na géarchéime eacnamaíche, agus (b) cláir ilnáisiúnta a chur chun feidhme a chuirfidh malartú taithí ar fáil idir na Ballstáit agus na stáit a bhfuil barainneacht scála acu.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí ábhartha

Tá bearta faisnéise agus cur chun cinn ina gcuid den CBT ó chéadchuireadh ar bun é. Ó 1999, tá bearta faisnéise agus cur chun cinn san earnáil Eorpach talmhaíochta agus próiseála bia sa mhargadh inmheánach agus sna tríú tíortha ag fáil tacaíochta ón CBT trí bhíthin córais chothrománaigh faisnéise agus chur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta.

Léiríonn roinnt eilimintí go bhfuil ról dearfach ag na beartais Eorpacha cur chun cinn agus gur féidir, *in fine*, cúiteamh a thabhairt do tháirgeoirí talmhaíochta Eorpacha sna hiarrachtaí a dhéanann siad táirgeadh de réir chaighdeáin ard an CBT:

³¹ Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

³² Tásc geografach faoi chosaint

- In 2009, rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa iniúchadh ar an gcóras maidir lena éifeachtaí a bhí bearta faisnéise agus cur chun cinn agus a rialta a bhí an caiteachas. Is é tuairim na Cúirte Iniúcháirí gur maith an córas, cé gur deacair a thionchar a chainníochtú³³;
- Bhíothas in ann tuarascáil ar an gcóras mar atá faoi láthair a bhunú ar chonclúidí na meastóireachta ar an gcóras freisin³⁴;
- Cé go mbaineann sé le beartas poiblí eile, is é an tuairim atá i staidéar costais is tairbhe ar na cláir forbartha margaí a raibh Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe ina bhun go bhfuil méadú 35 USD ag teacht ar na honnmhairí Meiriceánacha in aghaidh gach USD breise a chaitear trí na cláir chur chun cinn sin agus go dtiocfadh laghdú measta 9Mds USD ar onnmhairí talmhaíochta as ciorrú 50 % ar an mbuiséad poiblí cur chun cinn. Cé nach féidir a rá go bhfuil na cóimheasa sin iomlán cruinn, is fiú a lua go bhfuil siad dearfach ar an iomlán agus gur léiriú é sin ar luach dearfach na mbeartas poiblí faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta³⁵.

1.5.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí cuí eile agus sineirgíocht is féidir a bheith ann:*

Agus sonraíochtaí na n-earnálacha éagsúla á gcur san áireamh ann, tá an togra dírithe ar na sineirgíochtaí idir an córas cothrománach cur chun cinn sin agus na córais earnála atá ann cheana sa CBT a neartú trí bhíthin na straitéise le haghaidh céannacht choiteann a chur chun cinn ina bhfuil eilimintí amhaire agus ábhair do na bearta cur chun cinn uile.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☐ Togra **d'fhad teoranta**

- ☐ Togra a bheidh i bhfeidhm ón... go dtí an...
- ☐ Tionchar airgeadais ón go dtí...

☒ Togra **d'fhad teoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh: (Féach pointe 3.2.1 thíos)
- agus beidh feidhm iomlán aige tar a éis sin.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe³⁶

☒ **Bainistíocht dhíreach** ag an gCoimisiún

- ☐ Ag a ranna, lena n-áirítear an fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

³³ Pointe V den achoimre ar thuarascáil Uimh. 10/2009 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa 'Bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta'.

³⁴ http://ec.europa.eu/agriculture/eval/reports/promotion/index_en.htm

³⁵ <http://www.wheatworld.org/wp-content/uploads/trade-global-insight-map-report-march2010-20100423.pdf>

³⁶ Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin BudgWeb: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

- X ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

X **Bainistíocht chomhpháirteach** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ comhlachtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 den Rialachán Airgeadais.
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí faoi réir an dlí phríobháidigh ag a bhfuil misean seirbhíse poiblí ar choinníoll go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☐ comhlachtaí faoi réir dlí phríobháidigh Ballstáit, ar comhlachtaí iad ar cuireadh de chúram orthu comhpháirtíochtaí poiblí agus príobháideacha a chur chun feidhme agus ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais a chur ar fáil;
- ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh sa CES de bhun Theideal V den CAE agus a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

Bainistíocht chomhroinnte (an príomhchaiteachas nasctha le cur cun feidhme na gclár) agus bainistíocht lárnach dhíreach (bearta eolas agus cur chun feidhme de thionscnamh an Choimisiúin) atá ar an gcóras faoi láthair.

Is iad an bhainistíocht chomhpháirteach agus an bhainistíocht dhíreach na modhanna a mbaineann an togra leo.

I gcomhréir le forálacha Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 58/2003, tá sé de rún ag an gCoimisiún cúraimí áirithe a bhaineann le bainistiú díreach na gclár faisnéise agus cur chun cinn a sheachfhoinsiú, go háirithe na cláir ilnáisiúnta, ó ghníomhaireacht feidhmiúcháin atá ann cheana, chun seirbhís níos éifeachtúla a chur ar fáil agus feiceálacht an AE a neartú ina bhearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe:

Foráiltear leis na rialacha sin go ndéanfar measúnú ar na cláir. Faoi láthair, déantar na measúnuithe sin gach bliain agus comhlánaítear iad le measúnú foriomlán ag deireadh

an chláir. Bunófar comhchreat le haghaidh measúnú a dhéanamh ar na bearta, i gcomhréir le comhchreat faireacháin agus meastóireachta an CBT.

Comhlánófar na bearta faisnéise agus cur chun cinn trí mheasúnuithe seachtracha a dhéanamh go rialta ar an gcóras.

Foráiltear go dtabharfaidh an Coimisiún tuarascáil ar an gcóras don Pharlaimint agus don Chomhairle an 31 Nollaig [2020] ar a dhéanaí.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.

Tá an córas cothrománach faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ann ó 2000. Déantar seiceálacha rialta agus coigeartuithe ar na nósanna imeachta faireacháin a bhonn na seiceálacha sin nuair a mheastar gur gá sin. Ar bhonn iniúchtaí comhréireachta a dhéanann AS AGRI agus iniúchtaí a dhéanann Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, déantar nasc idir na príomhrioscaí a sainaitníodh maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn agus neamhábharthacht caiteachais áirithe agus déanamh beart lasmuigh de chríocha an Aontais Eorpaigh.

2.2.2. Faisnéis faoin gcóras rialaithe inmheánaigh

Chun na rioscaí a mhaolú, saineofar rialacha roghnúcháin, faireacháin, rialaithe agus measúnaithe.

Leagfaidh an Coimisiún síos nósanna imeachta maidir le roghnú na gclár is fearr go háirithe agus cuirfidh sé isteach sna hionstraímí dlíthiúla iad. Lena chois sin, leagfaidh sé síos coinníollacha sonracha incháilitheachta maidir le costais na mbeart agus féadfaidh sé cnapshuimeanna, bunscálaí costas etc. a úsáid de réir chineál an chaiteachais. Cuirfidh sé san áireamh an cur chun feidhme a dhéanann comhlachtaí speisialaithe cur chun feidhme, lasmuigh den Aontas Eorpach in amanna, ar chláir. Leagfar síos rialacha rialaithe maidir le gach modh bainistíochta buiséadaí caiteachais.

I gcás bainistíochta comhpháirtí, beidh an creat rialaithe bunaithe ar na rialacha coiteanna rialaithe don CBT mar atá athbhreithnithe faoi chreat an athchóirithe (COM(2011) 628) agus go háirithe an ráiteas ráthaíochta atá le cur isteach ag an duine is freagrach i ngach gníomhaireacht íocaíochta.

I gcás na bainistíochta dírí, beidh an creat rialaithe fóirdheontas bunaithe ar rialacha Rialachán Airgeadais (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus go háirithe cur chun feidhme chaighdeán rialaithe inmheánacha an Choimisiúin, na rialuithe ex ante maidir leis na dearbhuithe uile agus dearbhú na modhanna i gcomparáid leis na costais agus na hiniúchtaí *ex post* ar shampla de na dearbhuithe.

Maidir le cúraimí bainistíochta an chláir chur chun cinn, déanfaidh na Coimisiún na bearta rialaithe is gá i gcás na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 65 den Rialachán Airgeadais freisin. Déanfaidh sé maoirseacht ar an ngníomhaireacht feidhmiúcháin agus áiritheoidh sé go mbainfidh an ghníomhaireacht sin na cuspóirí cuí amach maidir le rialú ar na bearta a mbeidh a

mbainistiú faoina cúram. Forálfar don mhaoirseacht sin le rialacha maidir le comhar idir an Ard-Stiúrthóireacht is freagrach agus an ghníomhaireacht.

Déanfar rialuithe an Choimisiúin trí bhíthin cur chuige riosca-bhunaithe chun a áirithiú go mbeidh a iniúchtaí dírithe ar na réimsí is mó riosca.

2.2.3. *Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis*

Beidh na bearta faisnéise agus cur chun cinn fós faoi chumhdach an chórais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh caiteachais an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta atá ann cheana.

Maidir leis an gcostas a bheidh ar na Ballstáit mar gheall ar na rialuithe, tá anailís ar fáil in Iarscríbhinn 8 den mheasúnú tionchair a ghabhann leis na beartaíocht reachtacha maidir le hathchóiriú ar an CBT (COM(2011)626).

Maidir leis na costais a bheidh ar an gCoimisiún, tiocfaidh méadú orthu i dtaca leis an gcás mar atá mar gheall ar mhéadú an chaiteachais ina iomláine (a mbeidh dúbailt ar an gcaiteachas atá ann faoi láthair ina cuid de) agus go háirithe an caiteachas a bhaineann leis na cláir a mbeidh bainistíocht dhíreach á déanamh orthu.

Gné nua den chóras sin bainistiú díreach na n-ilchlár. An t-aon mheastachán is féidir a dhéanamh, meastachán ar bhonn na gcostas ar rialú cláir den chineál céanna. Mar shampla, is féidir na cláir acmhainne iomaíochta do na fiontair agus do na fiontair bheaga agus mheánmhéide (COM(2001)834) a lua.

Is é a mheastar nach dtiocfaidh méadú ar rátaí earráide an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta mar gheall ar an togra.

2.3. **Bearta le haghaidh calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Sa phacáiste reachtach le haghaidh an CBT a athchóiriú, go háirithe an togra le haghaidh rialacháin maidir leis an gcomhbheartas a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, beartaítear na córais mhionsonraithe reatha do rialuithe agus do phionóis atá le cur i bhfeidhm ag gníomhaireachtaí íocaíochtaí a chothabháil agus a neartú, le bunghnéithe coiteanna agus rialacha speisialta arna n-oiriúnú do shainiúlachtaí gach córais cabhrach. Beidh feidhm ag an Rialachán maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an CBT ar an Rialachán atá le bheith ann i réimse an bheartais chur chun cinn.

Déantar foráil sna córais rialaithe de ghnáth maidir le rialuithe uileghabhálacha riaracháin ar 100 % de na hiarratais ar chabhair, cros-seiceálacha le bunachair shonraí eile i gcás ina meastar gur cuí sin, chomh maith le seiceálacha ar an láthair réamhíocaíochta ar íosmhéid idirbheart, ag brath ar an riosca a bhaineann leis an gcóras atá i gceist. Má léirítear sna seiceálacha ar an láthair sin líon mór neamhrialtachtaí, ní mór tuilleadh seiceálacha a dhéanamh.

Beartaítear freisin sa phacáiste reachtach le haghaidh an CBT a athchóiriú go ndéanfaidh na Ballstáit neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, pionóis atá éifeachtach athchomhairleach comhréireach i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais nó an dlí náisiúnta a fhorchur, agus aon íocaíochtaí

neamhrialta agus an t-ús a bhaineann leo a aisghabháil. Áirítear ann sásra imréitigh uathoibríoch do chásanna neamhrialtachtaí, ina bhforáiltear, más rud é nach ndéanfar an aisghabháil faoi cheann ceithre bliana ó dháta an iarratais ar aisghabháil, nó faoi cheann ocht mbliana i gcás imeachtaí dlíthiúla, go n-íocfaidh an Ballstát lena mbaineann na méideanna nár aisghabháladh. Dreasacht láidir do na Ballstáit íocaíochtaí neamhrialta a aisghabháil chomh tapa agus is féidir a bheidh sa sásra sin. Ar a bharr sin, maidir le cúraimí seachfhoinsithe a bhaineann le bainistiú an bheartais chur chun cinn atá le bheith ann, beidh ar an ngníomhaireacht feidhmiúcháin an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chalaois agus neamhrialtachtaí is féidir a bheith ann de réir cáis agus an fhaisnéis sin a chur sna tuarascálacha a fhoilseoidh sé go rialta.

Is amhlaidh is tábhachtaí go mbeidh córas dian rialaithe ann ó nach bhféadfaidh ach na comhlachtaí cur chun feidhme a bhfuil nasc conarthach ag na tairbhithe amháin leo bearta cur chun cinn a dhéanamh. Ós comhlachtaí tráchtála iad na comhlachtaí cur chun feidhme a bhfuil sé de cheart acu brabús a bhaint as a gcuid gníomhaíochta, ní mór a áirithiú go críochnúil go gcuirfear na bearta chun feidhme go rialta.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Rannpháirtíocht			
	Líon [Tuairisc.....]	LD/LN ⁽³⁷⁾	ó thíortha CSTE ³⁸	ó thíortha is iarrthóirí ³⁹	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais
2.	05 02 10 01 – Bearta cur chun cinn — Íocaíochtaí ó na Ballstáit	Neamhdhifreáilt e	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
	05 02 10 02 – Bearta cur chun cinn — Íocaíochtaí díreacha ón Aontas	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Rannpháirtíocht			
	Líon [Tuairisc.....]	LD/LN	ó thíortha CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais
2.	05 01 04 xx – Gníomhaireacht feidhmiúcháin	Neamhdhifreáilt e	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

Nótaí:

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cuid den chur chun feidhme a tharmligean chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin. Sa chás sin, tá línte buiséid le cruthú i gCeannteideal 05.

³⁷ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte

³⁸ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

³⁹ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is cuí, tíortha sna Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

Sna milliúin euro

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	2.	Fás inbhuanaithe: Acmhainní nádúrtha Fo-uasteorainn 'Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha'
---	----	---

AS: AGRI (*)			2014. ⁴⁰	2015. ⁴¹	2016.	2017.	2018.	2019.	2020.	IOMLÁN
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
05 02 10 01	Gealltanais	(1)	0.0.	0.0.	4.0.	5.0.	9.0.	36.0.	36.0.	90.0.
	Íocaíochtaí	(2)	0.0.	0.0.	4.0.	5.0.	9.0.	36.0.	36.0.	90.0.
05 02 10 02	Gealltanais	(1a)	0.5.	0.5.	15.0.	54.0.	90.0.	103.0.	103.0.	366.0.
	Íocaíochtaí	(2 a)	0.2.	0.2.	0.5.	12.7.	31.1.	58.6.	84.2.	187.5.
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach ⁴²										
05 01 04 01 xx		(3)	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair DG AGRI	Gealltanais	=1+1a +3	0.5.	0.5.	19.0.	59.0.	99.0.	139.0.	139.0.	456.0
	Íocaíochtaí	=2+2a	0.2.	0.2.	4.5.	17.7.	40.1.	94.6.	120.2.	277.5.

⁴⁰ Is í bliain N an bhliain a gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Glactar leis sna meastacháin go dtosóidh an cur chun feidhme in 2016.

⁴¹ Tá suimeanna 2015 – faoin gcóras roimh an athchóiriú – curtha i láthair, mar threoir, gan athrú ó 2014 agus gan dochar do na meastacháin mionsonraithe do 2015 a shocrófar faoi chreat dhréachtbhuiséad 2015.

⁴² Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

		+3.								
--	--	-----	--	--	--	--	--	--	--	--

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0.5.	0.5.	19.0.	59.0.	99.0.	139.0.	139.0.	456.0.
	Íocaíochtaí	(5)	0.2.	0.2.	4.5.	17.7.	40.1.	94.6.	120.2.	277.5.
• IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach		(6)	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm
IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTEIDEAL 2 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	0.5.	0.5.	19.0.	59.0.	99.0.	139.0.	139.0.	456.0.
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0.2.	0.2.	4.5.	17.7.	40.1.	94.6.	120.2.	277.5.

(*) Nótaí:

- Is ionann na suimeanna atá léirithe agus meastachán ar an tionchar breise airgeadais i gcomparáid le buiséad 2013. D'fhéadfaí an miondealú de réir na línte buiséid a choigeartú de réir chur chun feidhme na gclár.

- Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cuid den chur chun feidhme a tharmligean chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin ó 2016 ar aghaidh. Is féidir gur gá suimeanna agus miondealú na gcostas measta a choigeartú de réir an leibhéil tarmligthe a údarófar ar deireadh.

Mar eolas: meastachá ar an gcaitechas iomlán

Sna milliúin euro

Bliain buiséid		Buiséad 2013	2014.	2015.	2016.	2017.	2018.	2019.	2020.	IOMLÁN 2014-2020
05 02 10 01 - Bearta cur chun cinn - Íocaíochtaí ó na Ballstáit		60.0.	60.0.	60.0.	64.0.	65.0.	69.0.	96.0.	96.0.	510.0.
05 02 10 02 - Bearta cur chun cinn - Íocaíochtaí díreacha ón Aontas	Gealltanais	1.0.	1.5.	1.5.	16.0.	55.0.	91.0.	104.0	104.0	373.0.
	Íocaíochtaí	1.1.	1.4.	1.4.	1.6.	13.9.	32.2.	59.8.	85.4.	195.5.
05 01 04 xx – Gníomhaireacht feidhmiúcháin			pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm	pm
IOMLÁN	Gealltanais	61.0.	61.5.	61.5.	80.0.	120.0	160.0	200.0	200.0	883.0.
	Íocaíochtaí	61.1.	61.4.	61.4.	65.6.	78.9.	101.2	155.8	181.4	705.5.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	5.	'Caiteachas Riaracháin' (i gcomparáid le buiséad 2013)
---	-----------	--

Sna milliún euro (go dtí an tríú deachúil)

		2014.	2015.	2016.	2017.	2018.	2019.	2020.	IOMLÁN
AS: AGRI									
• Acmhainní daonna		0,019	0,099	-0,499	-0,147	0,188	0,675	0,922	1,257
• Caiteachas riaracháin eile		0,000	0,000	0,002	0,006	0,003	-0,001	-0,001	0,009
IOMLÁN AS AGRI	Creidmheasa	0,019	0,099	-0,497	-0,141	0,191	0,674	0,921	1,266.

IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais Iomlán íocaíochtaí) =	0,019	0,099	-0,497	-0,141	0,191	0,674	0,921	1,266
---	---	-------	-------	--------	--------	-------	-------	-------	-------

Sna milliún euro (go dtí an tríú deachúil)

		2014.	2015.	2016.	2017.	2018.	2019.	2020.	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTIDIL 1 go dtí 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0,519	0,559	18,501	58,583	99,188	139,675	139,922	457,266
	Íocaíochtaí	0,219	0,299	4,003	17,559	40,291	95,274	121,122	278,766

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí sna milliúin euro

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			2014.		2015.		2016.		2017.		2018.		2019.		2020.		IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Saghas aschuir ⁴³	Meánchostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH ⁴⁴			Acmhain iomaíochta eanáil na talmhaíochta a fheabhsú agus cur lena luach sa slabhra bia															
Aschur ⁴⁵	Líon na gclár (Margadh inmheánach/Triú tíortha)																	
Aschur ⁴⁵	Tairbhíthe nua (líon na n-eagraíochtaí tairisceana nua i gcoibhneas le líon iomlán na n-eagraíochtaí tairisceana);																	
Aschur ⁴⁵	Líon na glcár ilnáisiúnta.																	

⁴³ Tagraíonn na haschuir do tháirgí agus seirbhísí a sholáthrófar (mar shampla: líon malartuithe mac léinn a maoiníodh, líon km. na mbóithre a tógadh etc.).

⁴⁴ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

⁴⁵ I gcomhréir leis an gcomhchreat faireacháin agus meastóireachta don Chomhbheartas Talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 110 de Rialachán (AE) Uimh. [xxx/xxxx] maidir leis an gcomhbheartas a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air [Rialachán cothrománach maidir leis an CBT], bunófar comhchreat faireacháin agus meastóireachta agus, dá bharr sin, líonfar isteach táblaí táscairí mar is cuí tar a éis sin.

COSTAS IOMLÁN								
---------------	--	--	--	--	--	--	--	--

3.2.3. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

Sna milliún euro (go dtí an tríú deachúil)

	2014.	2015.	2016.	2017.	2018.	2019.	2020.	IOMLÁN
--	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	--------

CEANNTÉIDE AL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	2,508	2,588	1,990	2,342	2,677	3,164	3,411	18,680
Caiteachas riaracháin eile	0,110	0,110	0,111	0,116	0,113	0,109	0,109	0,778
Fo-iomlán CHEANNTÉID EAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	2,618	2,698	2,101	2,458	2,790	3,273	3,520	19,458

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 5⁴⁶ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉID EAL 5								

⁴⁶ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

den chreat airgeadais ilbhliantúil								
IOMLÁN (*)	2,618	2,698	2,101	2,458	2,790	3,273	3,520	19,458

D'fhéadfaí na figiúirí sin a choigeartú mar thoradh ar an nós imeachta tarmligthe atá beartaithe.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna
- ☒ Éilíonn an togra go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an 1ú deachúil ar a mhéad)

	2014.	2015.	2016.	2017.	2018.	2019.	2020.
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)							
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	19	19.5.	13.7.	15.3.	17.1.	20.1.	21.6.
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)							
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)							
10 01 05 01 (Taighde díreach)							
• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)⁴⁷							
XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón 'gclúdach iomlánaíoch')	0.	0.2.	2.6.	4.6.	6.0.	7.3.	8.0.
XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí)							
XX 01 04 bb ⁴⁸	- sa cheanncheathrú						
	- Toscaireachtaí						
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)							
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN (*)	19	19.7.	16.3.	19.9	23.1	27.4	29.6

Is é XX an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrtóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe taobh istigh den Ard-Stiúrtóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrtóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséidacha.

(*)Ta an togra seo ina chuid de na cláir a bhfuil sé beartaithe iad a tharmligean chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí na figiúirí sin a choigeartú mar thoradh ar an tarmligean arna údarú.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

⁴⁷ CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne Áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht).

⁴⁸ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Cur chun feidhme an bheartais chur chun cinn maidir le táirgí talmhaíochta
Foireann sheachtrach	

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil*

- X Tá an togra comhoiriúnach leis na TOGRAÍ DON chreat airgeadais ilbhliantúil do 2014-2020
- ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil san áireamh sa togra.
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

Nótaí:

Tá suimeanna na n-íocaíochtaí díreacha agus an chaiteachais a bhaineann leis an margadh, faoi Cholún I den Chomhbheartas Talmhaíochta, sa togra a bhaineann leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2014-2020⁴⁹. Ar eagla na heagla, tá conclúidí na Comhairle Eorpaí an 8 Feabhra 2013 maidir leis an CAI curtha san áireamh ag an gCoimisiún. Faoi réir ghlacadh an Rialacháin maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta, maoiníofar na bearta cur chun cinn laistigh de na suimeanna faoi bhun na huasteorann ar chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach orthu an 8 Feabhra 2013.

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

- Ní dhéantar foráil sa togra maidir le cómhaoiniú a dhéanann tríú páirtithe
- X Déantar foráil sa togra maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Tá na híocaíochtaí ón Aontas do bhearta an chláir léirithe in Airteagal 115 agus in Airteagal 18 den togra le haghaidh Rialacháin. I láthair na huaire, ní féidir suim iomlán na n-íocaíochtaí ó thríú páirtithe a chainníochtú ós rud é go n-athraíonn na rátaí ranníocaíochta de réir na gcoinníollacha atá sainithe in Airteagal 115 agus in Airteagal 18.

3.3. **An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

- X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Tá an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam ilghnéitheach

⁴⁹

COM(2011)500 an 29.6.2011